Níl Gléas Beaṫa le Baint as Gabaltaisí de Luaċáil £4

San Spás Amuiġ atá Daoine a Ċeapas go Ḃfuil

Ar an Dara Céim den Bille Talún, sa tSeanad, ar an 21ú Eanair, rinne an tAire Tailte an píosa cainte is tábaċtaí fós faoi stáid eacnamaiceaċ agus plean sábála Gaeltaċta.

Ag caint mar ġeall ar cúrsaí talaiṁ, a ḃí an tAire. Is Aire Tailte é, aċ is Aire Gaeltaċta an tUasal Ó Móráin ċoṁ maiṫ. Cé go m'ḟéidir nár ṁeas sé go mbainfí tuiscint as a ċuid cainte de ṫairḃe na Gaeltaċta de.

Insan ċaint, do luaiġ an tAire Tailte agus Gaeltaċta go soiléir, go mbeaḋ duine ar biṫ as a ċéill, a ċeapfaḋ go ḃfanfaḋ fir óga ar gabaltaisí de luaċáil £3 nó £4 ins na Ceantair Cúna, nuair is féidir leo £25 sa tseaċtain a ḟáil aistir lae ar ṡiúl.

Má ḃí an tUasal Ó Móráin indáiríriḃ faoi an méid adúirt sé insan tSeanad, agus ḃí gaċ dealraiṁ air go raiḃ, is ionann é agus go dtuigeann an tAire Gaeltaċta agus an Rialtas is dóċa, naċ ḃfuil seans dá laġad go ḃfanfaiḋ daoine in Iarṫar na hÉireann, ar gabaltaisí de luaċáil £3 nó £4. In aineoin a ḃfuil de ċabair agus de spreagaḋ agus de ḋeontaisí ar fáil do ḟeilméaraí.

Aċ i bpríoṁ ċeantair Gaeltaċta Ḋún na nGall, agus Ċonamara, tá meán luaċáil glan an talaiṁ insna gabaltaisí. ní hé faoi £5 nó £4 nó £3 aċ faoi £1, agus is léar go mbeaḋ duine trí oiread ar buille adéarfaḋ go ḃfanfaḋ daoine ar na gabaltaisí sin in ionad pái seaċtaine do ṫuilleaḋ taoḃ ṫall.

An amlaiḋ mar sin go dtuigeann Aire na Gaeltaċta agus an Rialtas, naċ ḃfuil seans dá laġad go ḃfanfaiḋ pobal insan Ġaeltaċt?

Agus má's ea cad is ciall leis an méid atá ráite faoi an Ṗáipéar Ḃán agus Slánú na Gaeltaċta?

D'ḟonn a ḃeiṫ cruinn ceart, ⁊ an ċaint seo a ċur ós coṁair na Gaeltaċta agus pobal Gaeilgeoirí na tíre, tugaimíd anseo, an ċaint díreaċ a rinn Míċeál Ó Móráin, Aire Tailte ar an Dara Céim de Ḃille na Talún san Dáil, ar an 31ú Eanair, 1965.

Ḃí an tAire ag freagairt na díospóireaċta ar an Dara Ċéim san tSeanad, agus insan díospóireaċt sin ḃí Seanadóirí a ṫráċt ar gur ċeart na daoine do ċoiméad ar an talaṁ ins na Ceantair Cúnga agus tuilleaḋ a ḃí ag molaḋ an Aṫair Mac Duiḃir agus Peadar Ó Doṁnaill, ⁊ an feaċtas. atá ar siúl acu. Á ḃfreagairt sin a ḃí an tAire go príoṁóa. Seo sleaċta as óráid an Aire.

Ins na ceantair cúnga, tá roinnt ṁaiṫ gabaltaisí folaṁa. D'ḟág na daoine iad toisc nárḃ ḟéidir gléas beaṫa do ḃaint asta. Is beo ins na Spás Amuiġ atá na léirṁeastóirí Caṫaoireaċ ins na caṫraċa agus bailte móra, beo i ḃfad ó ṡuíṁ an scéil, adeir go mbeiḋ ar muinntir-ne sásta fanaċt faoi ocras agus i mboiċteanas naofa ar luaċáil de £2-10-0 nó £3.

Cé'n fáṫ a nglacfaḋ na daoine seo le caiġdean beaṫa a ḃí ag a gcuid sinsear aimsir na Gorta? Duine ar biṫ a ċeapas go nglacfaiḋ na daoine óga leis an stáid sin, níl eolas ar biṫ acu ar an stáid ḟírinneaċ insna ceantair cúnga.

Ċeana féin, tá an iomad díoḃa imiṫe. Dúirt Seanadóir amháin go raiḃ 300 feirmeaċa folaṁ i Liaṫroim, nó na daoine ag fanaċt le himeaċt. Tá an pictiúir céanna in gaċ ceantar cúng. Níl ann aċ dúnaḋ súile ar an scéal, a rá go mbeiḋ na daoine óga sásta a ḃeiṫ ag ocraċ ar na gabaltaisí sin san lá inniu.

Ċuaiġ an tAire ar aġaiḋ ina ḋiaiḋ sin ag rá, gurb é an rud a ḃí i gceist aige, oiread de ḋaonra do ċoiméad ins na ceantair cúnga agus a ḃeaḋ ábalta gléas beaṫa a ḃaint amaċ. fá coinníollaċa an lae inniu. Ní raiḃ sé a rá gur ċeart cinntiú go mbeaḋ 45 acra de ṫalaṁ maiṫ ag gaċ duine láiṫreaċ bonn, aċ gur sin an aiḋm ba ċeart a ḃeiṫ ann, agus gur ceart oibriú ċuige.

Ag leanúint den scéal naċ raiḃ fonn ar na daoine óga socrú ins na ceantair cúnga, dúirt an t-Aire:

Tá ḟios ag ga ċ duine arḃ eol dóiḃ na ceantair cúnga seo, san áit a mbeaḋ Pádraig agus Seán ag troid cé ġeoḃaḋ an ḟeilm beag caoga bliain ó ṡin. fá láṫair, tá Pádraic agus Seán ṫall i mBirmingham, agus gan iad sásta teaċt arais agus an freagarṫaċt a ġlacaḋ féaċaint indiaiḋ na sean daoine. Tá na céadta cásta mar seo fríd na ceantair cúnga, agus nuair a léiġim, nó a éistim le cuid de na sagairt **ag caint fán rud a ba ċóir a ḋéanaṁ leis na daoine seo a ṁeallaḋ le teaċt arais, faoi coinníollaċa geilleagraċ an lae inniu agus socrú síos ar gabaltaisí £3 nó £4 luaċáil. imeasc na gcarraiġeaċa ins na ceantair cúnga, sé an rud a ṁeasaim naċ ḃfuil ḟios acu céard a ḃfuil siad ag caint faoi.**

Leoga, ġeoḃaḋ na daoine seo bás den ocras ar ḟeilmeaċa beaga i Muiġeo, Liaṫroim, nó Gailliṁ taoḃ istiġ do 48 uair. Níonn siad féin cinnte go mbíonn siad i ḃfad ar ṡiúl ó'n féarnáosc ins na ceantair cúnga.

Píosa eile ar aġaiḋ ina óráid, dúirt an tAire:

Ḃí Peadar Ó Doṁnaill ṫíos i mo ċondae-sa tamall gearr ó ṡin. ag caint faoi an ċeist seo, agus arís imeasc luċt éisteaċta naċ raiḃ mórán feilméaraí ina measc, nó daoine a ḃí beo agus ag obair ar an talaṁ. Deirtear go ndearna an Caṫaoirleaċ leiṫscéal as gan na feilméaraí a ḃeiṫ ag an ċruinniú sin, de "Graziers Association." Tá sé spreagúil cloisint faoi cuid de naoiṁ an lae inniu, nar Peadar Ó Doṁnaill, ag teaċt anuas ag seanmóireaċt do feilméaraí Ṁuiġeo. fan tábaċt spioradálta atá le fáil ag baint beaṫa as gabaltaisí £3 nó £4 luaċáil.

Dár leis gur ag magaḋ ar na daoine seo a ḃí na feilméaraí.

"Baineann siad spórt as a ḃeiṫ ag éisteaċ leis na daoine seo," arsa an tAire, "a ṫig anuas, ar ċostas mór don ḃainistíoċt. le nár gcuid fadbanna a réiteaċ dúinn. Ní ḟanann siad ró ḟada, agus níonn siad cinnte de dul arais go dtí na caṫraċa, nó cibé áit a dtáinig siad as. Aċ, is maiṫ linn cuairteoirí in Iarṫar na hÉireann, agus bíonn spraoi againn leo."

Agus arís, is cosúil gur seo mar a ḋearcann sé ar an imirce:

"Má tá teaġlaċ de ḋeiċniúr ar ġabaltas de luaċáil £5. cad a ḋéanfaiḋ tú leis an naonṁar eile? Caiṫfiḋ siad dul áit éigin, agusar nód, téann siad. Mar adúirt mé roiṁe, san lá seo agus san aois seo, ní ṫiocfaiḋ siad tar n-ais."

Ag caint ar ṁéid na ḃfeilmeaċa, dúirt an tAire:

"Tá muid beo san aois nuair a ṫig le fear ó mo ċuid-sa den tír. ar ġabaltas de luaċáil £3. muna ḃfáiġ sé gléas beaṫa réasúnta as, ní ḟanfaiḋ sé ann agus ṫig leis a ḃeiṫ treasna an uisce taoḃ istiġ de 24 uair, agus ag tuilleaḋ £25 nó £30 sa tseaċtain."

"Seo iad na dlíṫe eacnamiceaċ a ṡocraíonn an stáid insan lá agus aois seo. Duine naċ nglacann cuntas ar na neiṫe seo, tá sé beo ins na néalta."

Sé an rud a ḃí i gceist ag an Aire leis an méid seo, nó go gcaiṫfí aonaid eacnamiceaċ talún a ḋéanaṁ suas ins na ceantair cúnga ċoṁ tapaí agus is féidir. agus b'é an aonad a ṁeas sé, nó timpeall ar 45 acraí talún. Ṁeas sé gur mar sin a d'ḟéadfaí cur ar ċumas cuid de na daoine gléas beaṫa réasúnta a ḟáil ins na ceantair cúnga.

Muna dtiġeaḋ leo na 45 acraí a ḋéanaṁ suas in gaċ cás, raċfaḋ siad ċoṁ coṁgaraċ dó agus go ḃféadfaḋ an feilméar a ḃeiṫ ag dúil le gléas beaṫa réasúnta a ḃaint as.

Mar Aire Tailte a ḃí an tUasal Ó Móráin ag caint, agus na ceantair cúnga fríd réimsí móra ina ḃfuil talaṁ réasúnta torṫúil, a ḃí i gceist aige.

Aċ, tá tabaċt ar leiṫ ansin don Ġaeltaċt ċoṁ maiṫ. mar tá sé soiléir anois naċ féidir gabaltaisí na Gaeltaċta a ḋéanaṁ eacnamiciúil ċor ar biṫ, faoi scéimeanna láiṫreaċ Roinn Tailte agus Roinn Talṁaíoċta.

Ag caint san díospóireaċt céanna, dúirt an tUasal Mac Aṁlaiġ:—

"Ḃí mé ann nuair a ḃí an tAire ag insint do ṁuinntir Cnoc na Gainniṁ go méadófaí a gcuid gabaltaisí go dtí 40 nó 45 acraí. Dá dtaḃarfaí an paráiste iomlán domsa, ní ġlaofainn feirmeoir orm féin. Tá an rud céanna fíor fá boinne cuid mór talaiṁ i Muiġeo agus Dún na nGall.

Is bun ḟírinne sin don Ġaeltaċt. Cé'n áit a ḃfáiġeaḋ duine feirm 45 acraí i nGaoṫ Doḃair? Cá ḃfáiġfá dá-scór acra in Anagaire? Cé ṁéid feirm 45 acra a ġeoḃfá i bparáiste Ċárna nó Rosmuc nó Leitir Mór nó Ceaṫrú Rua féin?

Ḋéanfaḋ sé an scéal i ḃfad níos soiléire insan Ṗáipéar Ḃán insan réaṁrá dá ndéarfaí:

"Tuigeann an Rialtas, agus Aire na Gaeltaċta agus Aire Tailte, naċ féidir gabaltaisí na Gaeltaċta. na ceantair speisialta ar ṫagair Coimisiún na Gaeltaċta díoḃa, a ḋéanaṁ eacnamiceaċ ċor ar biṫ, agus mar sin de, tá sé mar bun polasaí an Rialtais, Saoṫrú seasta a ṡoláṫar láiṫreaċ don méid de pobal na Gaeltaċta atá fágṫa fós."

Is soiléir go dtuigeann Aire Tailte agus Aire na Gaeltaċta é, is cinnte gur ċuir sé os coṁair an Rialtais é. agus go dtuigeann an Rialtas é. Cé'n fáṫ mar sin, go ḃfuil scór nó dó leaṫnanaiġ curṫa síos insan Ṗáipéar Ḃán ag iarraiḋ a ṁíniú don pobal, nó dallaḋ-mullóg a ċur ar an pobal, gur féidir gabaltaisí beaga de luaċáil £3 nó £2-10s. nó £2 nó £1 nó 10s. a ḋéanaṁ eacnamaiciúil.

Cad ċuige nár foilsíoḋ an teolas sin? Eolas bunúsaċ a ḃí ag teastáil leis an ċeist a ṫuiscint insan Ṗáipéar Ḃán. Cad ċuige gur ceileaḋ an t-eolas ar pobal na hÉireann?

I MEASC NA mBEATHAISNÉISÍ

SÍOLADÓIRÍ

"Más leabhar i dtaobh staire 'Síoladóirí' ní miste linn a rá air gur leabhar le staraí é féin mar go ndearna a údar an saothar is dual don dea-staraí—ag criathradh dó agus ag mionscrúdú a bhfuil d'fhianaise againn ar bheathaí Sheáin Uí Dhonnabháin agus Eoghain Uí Chomhraidhe."
(Feasta)

Bráthair Críostaí a scríobh
267 lch. Praghas 4/-

BEATHA DHOMHNAILL UÍ CHONAILL

"Tá an-chuardach déanta ag an údar, de réir dealraimh, agus tá a rian sin ar an saothar, tá sé pulctha, dingthe le mionscéalta tagarthacha, agus de chuntais suimiúla ag léiriú ilthrZithe agus Zagsúlacht cáilíochtaí an Liberator."
(An Gaedheal)

Domhnall Ó Súilleabháin a scríobh
275 lch. Praghas 4/-

FOILSEACHÁIN RIALTAIS
Stuara Ard-Oifig an Phoist
Baile Átha Cliath
nó ó dhíoltóirí leabhar

AN GÚM

Paráid Agóide, Ros Dumhaċ

Tá muinntir Ros Dumhaċ agus Ceaṫrú Ṫaiḋg fá ċoinne gnó an t-am seo agus Dia Saṫairn seo caite ḃí paráid mór gluaisteán acu ó Ros Dumhaċ go Gleann na Muaiḋe. Stop na Gardaí iad ag Gleann na Muaiḋe. Ḃí na Garda an-ċuirtéiseaċ, adúirt Annraoi Ó Corduiḃ, O.S., Ros Dumhaċ, nuair a stop siad iad. "Ṁiniġ muid daofa caidé an fáṫ naċ raḃ muid ag íoc cánaċ ar na gluaisteáin," adúirt an tUasal Ó Corduiḃ.

Tá luċt gluaisteán i Ros Dumhaċ, Port Urluim agus Ceaṫrú Ṫaiḋg ag diúltaḋ cáin ar biṫ a íoc ar na gluaisteáin mar agóid in éadan an droċ ṡlí atá ar na bóiṫre ins an ċeantar ar fad. Fógraíoḋ é seo go poiblí in AMÁRAĊ tá coicís ó ṡoin. "Tá muid ag braṫ é seo a ṫroid go deire," adúirt Annraoi Ó Corduiḃ, a ċaiṫ mí i bpríosún tá roinnt blianta ó ṡoin ar ġearán den ċineál céanna.

Dúirt sé freisin go ḃfuil siad ag cur suas ciste cosanta de airgead a ba ċeart a íoc mar ċánaċa agus go ḃfuil siad ag braṫ tuille a ċur leis le damsaí agus ar ḋóiġeanna eile.

Tá cinnlíne anseo do ṁórán Gaeltaċtaí tréigṫe eile nó ó ṫosaiġ an agóid seo tátar indiaiḋ gléasraí cóiriṫe bóṫar a aṫrú isteaċ go ceanntar Ros Dumhaċ agus tá deontas tugṫa anois fá ċoinne obair deisiṫe ins an ḃaile seo.

Carraig

I gCarraig agus Cill Ċárṫa ḃí an stoirm go millteanaċ ar fad—an ceann is measa le cuiṁne na ndaoine, adeirtear. Ar feaḋ lá go leiṫ, ḃí an ċuid is mó den ċeantar insan iar-ḋeiscirt gan solus aiḃléise, agus na línte uiliġ anuas.

N-obair go mbeaḋ taisme taoḃ amuiġ de Teileann nuair a d'imiġ tráiléir amaċ ón áit a raiḃ sé ar ancaire. agus ḃí sé ag drifteáil amaċ na farraige. Le h-obair mór. agus i ndainséar mór, ċuaiġ an Caiptín Mac Seáin agus cúpla duine ag caḃrú leis amaċ, aċ ní raiḃ siad ábálta breiṫ uirṫí, ḃí an farraige coṁ tógṫa sin. Síobaḋ an tráiléar roiṁ an ġaoṫ, aċ le dea-áḋ siabaḋ isteaċ i insan béal cúng, isteaċ go dtí cuan Teilionn, áit a ndeaċa sí ar an trá gan mórán doċar. Tugaḋ isteaċ go dtí na Cealla Beaga i. cúpla lá inaḋiaiḋ sin, nuair a ḃí an stoirm ṫart.

Gleannḃarr

Ċá raiḃ cruinniú ró-ṁór ar aonaċ Ḃaile na nGallóglaċ ar an tSaṫairn seo ċaite mar ġeall ar an droċ lá. Ċuir sé riṫ a lae beagnaċ, aċ ḃí sé ar an aonaċ a ba daoire a ḃí ar an ḃaile sin ó cuireaḋ an ċead teaċ ar bun ann. Ḃí luaċ an eallaiġ is cuimse ar fad. Ḃí ba maiṫe ionlaoiġe ag dul go hárd le £80. Ċuaiġ ba maiṫe stóir £60 agus bullán cúpla bliain idir £45 agus £55. Ḃí piginí sé seaċtaine ag dul £4 an ceann agus ḃí luaċ árd ar caoiriġ agus uain ṁaiṫe fosta.

Níl teaġlaċ san áit seo a leig-feaḋ Oíċe Ḟéil' Ḃríde ṫart gan Cros Ḃríde a ḋéanaṁ. Níṫear ceann don teaċ cínaí ⁊ ceann do aċan teaċ eile ar an ḟeirm. Indiaiḋ an Aifrinn ar Lá Ḟéil' Muire na gCoinneál baintear anuas na sean ċrosa, cuirtear uisce coisricṫe ar na crosa úire agus cuirtear iad in áirde in a n-áit. Ba ḃreáġ an sean cleaċtaḋ seo agus ba ṁór an truaiġ leigint do tuitim ar ċeal.

Cé go raiḃ clúdaċ beag deas sneaċta ar ċnoc as ar ġleann ḃí scoiṫ lae ann, loinnear na gréine ar muir as ar tír ar an Diardaoin seo ċaite nuair a pósaḋ Liam Ó Maonaiġ as Raṫ Mealtain ar Ṁáire Ní Ċoluim. Uaċtar Inmeaḋ, i dTeaċ Pobail Ġleannḃarr. An tAṫair Mac Giolla Cearra, S.C., Gleannḃarr, a pós iad agus a léiġ Aifreann an Pósta.